Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Lúnasa 2021
(OR. en)

11236/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0268(NLE)**

**AELE 68**
**EEE 52**
**N 91**
**ISL 47**
**FL 47**
**EDUC 267**
**JEUN 75**
**SPORT 51**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 474 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse a leasú (Erasmus+) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 474 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 474 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.8.2021
COM(2021) 474 final

2021/0268 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse a leasú**

**(Erasmus+)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i gcomhar leis an gCinneadh ón gComhchoiste a bhfuil sé beartaithe a ghlacadh agus a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach do shaoránaigh agus d'oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud na 30 Stát in LEE, mar atá na Ballstáit den Aontas, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Thairis sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, a dtugtar beartais 'tionlacain agus chothrománacha' orthu i dteannta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí an Chomhchoiste. I gcomhréir le Conradh Liospóin, is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Táthar ag súil go nglacfaidh Comhchoiste LEE an Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ('an gníomh atá beartaithe') maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE i gClár Erasmus+ a chumhdach. Dá bhrí sin, déanfar Rialachán 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear 'Erasmus+': Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

I gcomhréir le beartas buiséadach an Aontais, ní féidir a bheith rannpháirteach in aon chor i ngníomhaíocht de chuid an Aontais go dtí go n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach. Is féidir an ranníocaíocht a dhéanamh, áfach, tar éis ghlacadh an dréacht-Chinnidh seo ón gComhairle agus tar éis don Choimisiún Eorpach glao an Aontais ar chistí a bhunú agus é a chur faoi bhráid Stáit CSTE LEE.

Dá bhrí sin, chun an bhearna a líonadh le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2021 agus an t-am a gheofar an ranníocaíocht thuasluaite, beidh feidhm chúlghabhálach ag an dréacht-

[1] IO L 189, 28.5.2021, lch. 1-33.

Chinneadh ón gComhchoiste ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh. Leis an éifeacht chúlghabhálach sin, ní dhéantar difear do chearta ná d'oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann, agus déantar prionsabal an ionchais dhlisteanaigh a urramú.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh an Aontais. Tá súil ag an gCoimisiún é a chur i láthair Chomhchoiste LEE a luaithe is féidir.

Maidir le hábhar agus cineál dhréacht an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas nach bhfuil ann ach coigeartuithe teicniúla de réir Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, eadhon Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

---

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí áirithe a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Comhfhreagróidh an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe don bhunús dlí substainteach atá leis an ngníomh dlí a dhéanann sé a ionchorprú i gComhaontú LEE.

Tá 'Erasmus+' bunaithe ar Theideal 'Oideachas, gairmoiliúint, an óige agus spórt' CFAE (Airteagail 165 agus 166).

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagail 165 agus 166 CFAE.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagail 165 agus 166 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfaidh Stáit CSTE LEE ranníocaíocht i leith Bhuiséad an Aontais. Socrófar an méid cruinn i gcomhréir le forálacha Chomhaontú LEE, tar éis ghlacadh an dréacht-Chinnidh seo ón gComhairle.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Le gníomh Chomhchoiste LEE, leasófar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, agus dá bhrí sin is gníomh é is iomchuí a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0268 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse a leasú**

**(Erasmus+)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 165 agus 166, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[3], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú, Prótacal ina bhfuil forálacha maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse.

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo,

---

[3] IO L 305, 30.11.1994, lgh. 6-8.

[4] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[5] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, IO L 189, 28.5.2021, lgh. 1-33.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse), beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*